



An Bhruiséil, 27 Márta 2026  
(OR. en)

7684/26

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0233 (NLE)

---

---

JUSTCIV 46  
CONSOM 100  
MARE 6  
COMER 49  
RELEX 425

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') - Glacadh

---

1. Glacadh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long'). Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCoinbhinsiún sin a shíniú, a glacadh an 21 Nollaig 2023<sup>1</sup>.
2. Shínigh an tAontas Eorpach 'Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long' an 14 Márta 2024.

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE) 2024/414 ón gComhairle an 21 Nollaig 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022, IO L, 2024/414, 29.1.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/414/oj>

3. An 24 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, agus Dearbhú ag gabháil leis lena leagtar amach inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh, tráth a thabhairt i gcrích.
4. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta an togra an 17 Meán Fómhair agus an 10 Deireadh Fómhair agus d'fhorghuainigh sí é, mar a modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.
5. Tá téacs an Choinbhinsiúin ar fáil mar 15716/23 INIT + REV 1, i ngach teanga.
6. Dhearbhaigh an Chomhairle an 27 Samhain 2025 go raibh comhaontú i bprionsabal ann maidir le téacs an Chinnidh atá beartaithe agus chinn sí dréacht-téacs an Chinnidh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.
7. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 26 Márta 2026.
8. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air (14882/25), a ghlacadh, agus
  - téacs an dearbhaithe ábhartha maidir le hinniúlachtaí atá le tíolacadh ag an gCoimisiún Eorpach, agus an ionstraim formheasa á taisceadh thar ceann an Aontais Eorpaigh (14882/25 ADD 1), a fhorghuas.